



FnaSS Plean Corparáideach 2021-24



I bPlean Corparáideach
FnaSS 2021-2024, leagtar
amach na príomhghníomhartha
a dtabharfaidh muid fúthu
sna trí bliana atá amach
romhainn le feabhas a chur
ar ár seirbhís sláinte agus
ar shláinte agus folláine na
ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn.





Clár

Focal Fáilte ó Chathaoirleach Bhord FnaSS	2
Réamhrá ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin	3
Cuid 1: Cá bhfuil muid anois agus cén áit ar mhian linn a bheith i gceann Trí Bliana?	4
Cuid 2: Ár gCuspóirí agus Cumasóirí	6
Cuid 3: Tacú lenár bhFoireann agus ag cruthú Eagraíocht Ardfheidhmíochta	18
Cuid 4: Acmhainní a fháil agus ár bPlean a chur i gcrích	23
Cuid 5: Conclúid	25

Focal Fáilte ó Chathaoirleach Bhord FnaSS



Fáilte chuig ár bPlean Corparáideach 2021-2024

Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm Plean Corparáideach FnaSS 2021-2024 a chur i láthair. Is é seo an chéad Phlean Corparáideach a chuir an Bord seo le chéile ó bunaíodh é go foirmiúil i mí an Mheithimh 2019. Níl aon amhras ach go dtagann an Plean seo ag am an-dúshlánach, nuair atá muid go léir ag dul i ngleic le dúshlán nach bhfacthas riamh roimhe agus muid ag iarraidh dul i gcleachtadh ar bhealaí nua maireachtála.

In ainneoin na gcúinsí seo, táimid tiomanta go hiomlán maidir leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm agus feabhsuithe follasacha a chur chun cinn sa tseirbhís sláinte sna trí bliana amach romhainn. Chuireamar tús leis an bpróiseas um Phleanáil Chorporáideach trí aiseolas a iarraidh ar an bpobal i dtaobh na bpríomhréimsí is gá a fheabhsú. Rinne muid seo chun a chinntiú go mbeadh an Plean seo chomh fiúntach agus ab fhéidir. Bhí bhur dtuairimí a fuarthas ag na seisiúin rannpháirtíochta agus sna suirbhéanna a rinneadh ar líne lárnach in ullmhú an Phlean seo. De bharr an chur chuige nua seo, is mian linn feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid lenár bhfoireann, leis na hothair, úsáideoirí na seirbhísí, ár gcomhpháirtithe agus an pobal i gcoitinne agus muid ag cur an phlean seo i gcrích.

Tá a fhios againn go bhfuil dúshlán ag baint lenár seirbhísí le fada, agus tá cuid díobh seo buailte níos measa fós de bharr COVID-19. Tá fhios againn nach mbeidh sé éasca dul i ngleic leis na dúshlán seo, go háirithe agus muid den tuairim go mbeidh muid ag maireachtáil le COVID-19 go ceann i bhfad eile. Chonaiceamar tiomantas dochreidte ár n-oibríthe le linn COVID-19 agus is mian linn cur leis an méid a d'fhoghlaimíomar ón obair a rinneadh le linn na paindéime. Caithfimid leanacht ar aghaidh ag obair le chéile, glacadh le smaointe nua, agus laigí agus feabhsuithe a aithint go tapa chun an t-athrú ollmhór atá riachtanach a chur i gcrích.

Is é an ról atá againn mar Bhord an fhís agus an straitéis a shocrú, fócas agus fuinneamh a choinneáil agus an dualgas a leagan ar fhoireann feidhmiúcháin FnaSS an plean seo a chur i gcrích. Tá Luachanna FnaSS maidir le cúram, comhbhá, iontaoibh agus foghlaim mar bhonn agus mar thaca ag an bPlean seo, a leagann amach ár n-aidhmeanna don trí bliana atá amach romhainn. Ag teacht lenár luachanna, cuirfidh an t-athrú ó bhonn a thuairiscítear sa Phlean seo ar ár gcumas Sláintecare a chur chun cinn trí dul i ngleic le liostaí/tréimhsí feithimh, cúram a aistriú ó na hospidéal go dtí an pobal, agus rialuithe airgeadais a fheabhsú.

Tá go leor de na bunghnéithe atá ag teastáil le go n-éireoidh linn againn cheana féin – tá oibríthe agus foirne díograiseacha againn; tugann ár bpobail tacaíocht dúinn agus tá comhbhá acu linn; agus tá comhpháirtíochtaí láidre againn le comhghleacaithe ar fud na n-earnálacha poiblí, deonacha agus tráchtála.

Is í an fhís atá againn ná Éire Níos Sláintiúla, leis an gcúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart a chur ar fáil. Thar ceann bhaill an Bhoird, gabhaim buíochas leat as an dua a chur ort féin ár bPlean a léamh.

Ciarán Devane
Cathaoirleach Bhord FnaSS

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá an Plean Corparáideach seo á sheoladh ag am dúshlánach, nach bhféadfadh aon duine againn a thuar, tráth ar tháinig athrú ó bhonn ar ár ngairm sna seirbhísí sláinte. In ainneoin na héiginnteachta agus na timpeallachta oibre deacra seo, bhíomar nuálach agus chuaigh muid i mbun oibre go tapa. Ní fhéadfainn a bheith níos bródúla as ár bhfoireann a d'oibrigh go dícheallach gan staonadh chun muid a choinneáil slán, agus a lean ag cur cúraim agus seirbhísí ar fáil i gcúinsí a bhí an-dúshlánach.

Thar ceann na heagraíochta a bhfuil sé de phribhléid agam a bheith á reáchtáil agus thar mo cheann féin, ba mhaith liom ar dtús ár gcomhbhrón a chur in iúl dóibh siúd a bhfuair a gcuid daoine muinteartha bás leis an víreas COVID-19. Ba thréimhse brónach, deacair a bhí ann do go leor againn. Ar an dara dul síos, ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh go léir as bhur dtacaíocht chun scaipeadh an víris a mhaolú agus as misneach a thabhairt dúinn i gcónaí. Léirigh sé seo an dlúthpháirtíocht atá i measc an lucht saothair san earnáil sláinte ar fad. Is mian linn leanacht leis an móiminteam agus an spiorad seo, sé sin, a bheith ag obair le chéile agus muid ag oibriú i dtimpeallacht COVID-19 ach na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean seo a chur i bhfeidhm, ag an am céanna.

Tá ár bPlean uailmhianach. Déanfaimid iarracht dlús a chur le digitíú ár seirbhíse sláinte chun rochtain a fheabhsú, tacú le feabhsúcháin na bpróiseas agus luach ar airgead a bhrú chun cinn. Tá líon beag Cuspóirí lárnacha roghnaithe againn d'aonghnó agus caithfimid ár ndúthracht comhchoiteann leo sna trí bliana amach romhainn. Tá na Cuspóirí seo ag teacht le Sláintecare, an fhís 10 mbliana atá againn chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a athrú ó bhonn in Éirinn. Tá na cuspóirí seo bunaithe ar an gClár Rialtais; rioscaí, dúshlán agus deiseanna aitheanta; timpeallacht COVID-19 i gcoitinne; Plean Paidéime FnaSS agus aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin. Chomh maith leis na Cuspóirí seo, leanfaidh muid orainn ag déanamh dul chun cinn i go leor réimsí lárnacha eile i dtaca le soláthar seirbhísí, ar nós, cúram sláinte agus máithreachais do mhná, a bhfuil gá dúinn freastal orthu le díogras agus tiomantas, agus atá tábhachtach do na hothair agus úsáideoirí na seirbhísí.

Táimid diongbháilte maidir leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm i ndáiríre – chun feabhsuithe follasacha a dhéanamh ar ár seirbhís sláinte agus chun fis Sláintecare a chur chun cinn. Tá fhios againn go bhfuil deacrachtaí le buiséad agus déanfaidh muid éileamh ar na hacmhainní breise a bheidh ag teastáil chun an Plean seo a chur i gcrích. Tabharfar faoi deara gur chuir muid lenár n-inniúlacht le dul i ngleic le COVID-19 agus oibriú i dtimpeallacht an víris seo; d'foghlaímíomar bealaí nua chun oibriú mar 'fhoireann amháin' ag díriú i gcónaí ar riachtanas na n-othar, na n-úsáideoirí seirbhíse, na dteaghlach agus an phobail. Tabharfar deiseanna dár bhfoireann scileanna a fhorbairt agus a bheith nuálaíoch. Cuirfear tacaíochtaí ar fáil a chuirfidh ar chumas na foirne cothromaíocht shláintiúil oibre-saoil a bheith acu agus cultúr ina mbeidh fáilte roimh gach duine a n-ímní a chur in iúl. Beidh comhghleacaithe a n-oibríonn FnaSS leo, ar nós, Dochtúirí Teaghlaigh, iad siúd a oibríonn san earnáil dheonach agus san earnáil cúraim shóisialta, san áireamh.

Oibreoidimid i dtreo Éire níos Sláintiúla agus an Plean seo á chur i gcrích:

- Tabharfar tacaíocht duit le maireachtáil go maith agus aireoidh tú go mbaineann tú leis an bpobal.
- Beidh tú in ann teacht ar an gcúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart agus aireoidh tú sábháilte, cumasaithe, agus go bhfuiltear ag éisteacht leat.
- Oibreoidh muid mar fhoireann amháin, a bhfuil an tacaíocht againn chun an rud is fearr a dhéanamh do na hothair, do na húsáideoirí seirbhísí agus a dteaghlaigh.
- Beidh tú ábalta muinín agus iontaobh a bheith agat go bhfuil an eagraíocht á reáchtáil go maith.

Oibrímis le chéile chun oidhreacht bhuan a fhágáil ag na glúnta atá le teacht – seirbhís sláinte a mbeidh muid uilig bródúil aisti.

Paul Reid
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuid 1:

Cá bhfuil muid Faoi Láthair agus cén áit ar Mhian linn a Bheith i gCeann Trí Bliana?

Cuirfidh muid béim ar na príomhdhúshláin atá sa chóras sláinte agus muid ag déileáil le paindéim COVID-19, ag an am céanna.



Cá Bhfuil Muid Faoi Láthair?

Nuair a bhí muid ag ulmhú an phlean seo, chuaigh muid i gcomhairle leis an bpobal, leis an bhfoireann agus lenár gcomhpháirtithe maidir leis na réimsí ar gá dúinn feabhas a chur orthu. Léirítear anseo go leor de na dúshláin fadtéarmacha a bhaineann lenár seirbhís sláinte agus tá na dúshláin seo níos feicealaí fós de bharr phandéim COVID-19.

I measc na ndúshlán a aithníodh, tá liostaí feithimh fada i gcomhair chúraim sceidealaithe in ospidéal agus tréimhsí fada feithimh i Rannóga Éigeandála, go háirithe do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais chasta acu. Tá deacrachtaí ann freisin d'ospidéal a bhfuil an líon leapacha atá in úsáid iontu an-ard. Tá muid ag brath an iomarca ar ionaid chúraim cónaitheach agus níl na seirbhísí againn chun go mbeadh deis ag an gcuid sin den daonra atá ag dul in aois fanacht neamhspleách agus maireachtáil go maith sa phobal. Tá dúshlán freisin ag baint le tréimhsí fada feithimh i gcomhair na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine fásta agus tréimhsí fada ag fanacht le seirbhísí sa phobal, ar nós teiripí. Níl go leor tacaíochta ar fáil do dhaoine sa bhaile agus tá

tacaíocht fhreagrúil dírithe ar an duine faoi mhíchumas agus ar a dteaghlaigh in easnamh. Tá muid ag leanacht ag cur feabhais ar ár seirbhísí scagthástála. Tá gá le tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoireann uile na seirbhíse sláinte.

Luaitear sa Phróifíl Sláinte Tíre de chuid an ECFE, 2019, go bhfuil dul chun cinn dearfach déanta againn in Éirinn maidir le hionchas saoi i gcomparáid le tíortha eile, ach go mbíonn torthaí níos measa ag roinnt áirithe daoine sa phobal seachas a chéile; ólaimid an iomarca alcóil agus tá fadhbanna againn i dtaobh meáchain míshláintiúil; tá fadhb ag baint le hinrochtaineacht ar sheirbhísí agus tá líon níos lú dochtúirí againn in aghaidh an líon daonra ná mar atá in áiteanna eile.

Ní mór dúinn torthaí sláinte níos fearr a bhaint amach do gach duine, tuiscint a fháil ar an gcúis a bhfuil muid ag titim chun deiridh, ár n-iarrachtaí a dhíriú ar ar na fadhbanna seo a réiteach agus digitiú a dhéanamh ar ár seirbhís sláinte chomh luath agus is féidir. Tá fhios againn go mbeidh bainistiú leanúnach COVID-19 agus atosú agus soláthar na bpríomhsheirbhísí mar phríomhfhocas sa Phlean seo, ach mar atá ráite sna Cuspóirí, caithfear feabhas a chur ar na seirbhísí ag an am céanna, ionas go mbeidh muid níos láidre nuair a thagann muid as an bpaindéim agus go mbeidh muid ábalta barr feabhais a chur ar na hathruithe dearfacha atá feicthe againn in ár gcóras sláinte uile. Tá tús á chur leis an bPlean Corparáideach seo ag an am atá thar a bheith neamhghnách agus tá deiseanna ollmhóra ann chun athruithe ó bhonn a dhéanamh, in ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis an bpaindéim.


Léirigh COVID-19 cén chaoi ar féidir lenár dtír agus ár gcóras sláinte oibriú le chéile mar fhoireann amháin chun sprioc ar leith a bhaint amach. Leagtar amach in ár bPlean Corparáideach an cur chuige a bheidh againn le go mbeidh muid níos láidre agus go mbeidh ar ár gcumas feabhas a chur ar shláinte na ndaoine agus seirbhís sláinte den scoth a chur ar fáil do gach duine.



Ár bhFís: Éire níos sláintiúla, leis an gcúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart.

Bainfidh gnéithe éagsúla den phlean le daoine éagsúla. Ba mhaith linn ar fad seirbhís sláinte ina mbíonn othair agus úsáideoirí na seirbhísí lárnach, atá á bhainistiú go maith agus a bhaineann an leas is fearr as acmhainní poiblí. Tá muid tiomanta maidir le feabhsuithe follasacha a dhéanamh agus na struchtúir riachtanacha a chur i bhfeidhm chun measúnú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeacht an phlean.

Ár n-aidhm: seirbhís sláinte a chur ar fáil in Éirinn ina gcinnteofar na nithe a leanas:



Beidh ár bPlean ag iarraidh na nithe seo a bhaint amach agus muid ag oibriú le chéile:

Éagothroime sláinte a laghdú agus deis níos fearr a thabhairt do pháistí le bheith níos sláintiúla ó thús a saoil

Toscaí díobhálacha maidir le galair ainsealacha a laghdú, ag díriú ar úsáid dhíobhálach alcóil agus rátaí murtaill

Méadú a chur ar sheirbhísí pobail agus tacaíochtaí chun go mbeidh tú in ann maireachtáil go neamhspleách i do theach féin nó sa phobal

Tástálacha agus coinní le speisialtóirí, níos gaire don bhaile a bheith ar fáil níos éasca

Tréimhsí feithimh a laghdú i gcomhair tástálacha diagnóiseacha, coinní othar seachtrach, gnáthaimh d'othair chónaitheacha agus do chásanna lae

Tacaíocht mheabhair-shláinte chun tú a choinneáil folláin agus a bheidh ar fáil go tapa nuair atá sé de dhíth ort

Tacaíocht a bheith dírithe ar riachtanais daoine faoi mhíchumas ionas go mbeidh siad in ann saol iomlán neamhspleách a chaitheamh

Cuid 2:

Ár gCuspóirí agus Cumasóirí



Ár gCuspóirí



Ár gCumasóirí




Ár bhFoireann




Ár nAcmhainní

Ár bPlean Corparáideach 2021-2024

Tá 6 Chuspóir agus 5 Chumasóir sa Phlean Corparáideach mar a léirítear sa léaráid thíos.



Cuspóir 1



Paindéim COVID-19 a bhainistiú agus seirbhísí sláinte a chur ar fáil don phobal ar bhealach sábháilte, ag an am céanna

Beidh sé mar aidhm againn seirbhísí a chur ar fáil in ord tosaíochta, ar bhealach sábháilte i dtimpeallacht COVID-19. Ar mhaithe le riachtanas na n-othar, coinneofar acmhainneacht áirithe ionas go mbeifear in ann déileáil le haon ráigeanna a d'fhéadfadh tarlú. Beidh sé seo bunaithe ar riosca agus riachtanas cliniciúil.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- De bharr go bhfuil muid ag maireachtáil le COVID-19, tá orainn:
 - Cóireáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil COVID-19 orthu.
 - Tacú lenár bhfoirne sláinte poiblí chun scaipeadh an víris a mhaolú.
 - Seirbhísí éifeachtacha tástála agus rianaithe a chur ar fáil.
 - Cinntiú go bhfuil cumarsáid agus rannpháirtíocht den scoth againn leis an bpobal, lenár bhfoireann, úsáideoirí na seirbhísí agus lenár gcomhpháirtithe.
 - Seirbhísí nach mbaineann le COVID-19 a chur ar fáil chomh sábháilte agus is féidir de réir threoracha um Shláinte Poiblí, ag baint úsáide as samhlacha nua cúraim agus teicneolaíochta, mar is cuí.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Go mbeidh daoine in Éirinn ag maireachtáil chomh sábháilte agus is féidir le COVID-19 agus scaipeadh an víris a mhaolú an méid agus is féidir.
- Beidh tástáil agus rianú teagmhála réamhghníomhach, freagrúil agus tapa.
- Cuirfear seirbhísí a bhfuil tosaíocht chliniciúil acu ar fáil chomh maith agus is féidir, trí úsáid a bhaint as samhlacha nua cúraim agus teicneolaíocht nua, mar is cuí.
- Beidh gach eolas atá ag teastáil uathu maidir le COVID-19 agus seirbhísí nach mbaineann le COVID-19 ar fáil don phobal, don fhoireann agus dár gcomhpháirtithe.

Céard a dhéanfaidh muid?

- Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh muid in acmhainn cóir leighis a chur ar fáil d'othair le COVID-19, agus na hacmhainní cuí a fháil ón earnáil phríobháideach.
- Leanfaidh ár bhfoirne sláinte poiblí ag brú ár n-iarrachtaí chun cinn, ag oibriú go dlúth leis an gcóras sláinte, chun srian a chur le scaipeadh an víris.
- Cuirfimid samhail oibríochta fadtéarmach i bhfeidhm i gcomhair tástála náisiúnta agus rianú teagmhála.
- Tosóidh muid ag cur na seirbhísí nach mbaineann le COVID-19 ar fáil arís de réir na dtreoracha náisiúnta agus Phlean Paindéime FnaSS.
- Cuirfidh muid straitéis láidir cumarsáide i bhfeidhm.

Feidhmíocht a Mheas

- Tréimhse ama idir atreorú agus coinne tástála.
- Tréimhse ama idir maipín agus toradh na tástála a thabhairt don othar
- Tréimhse ama idir toradh agus cur i gcrích an rianaithe teagmhála

Cuspóir 2



Feabhas a chur ar sheirbhísí príomhúla agus pobail agus an líon daoine ar gá dóibh freastal ar ospidéal a laghdú

Cruthóidh muid seirbhísí príomhúla agus pobail chun cabhrú le cúram a thabhairt do dhaoine sa bhaile, go háirithe daoine scothaosta agus daoine le galair ainsealacha. Laghdóidh sé seo an líon daoine a théann chuig rannóga éigeandála, an méid daoine a chuirtear san ospidéal ó na rannóga éigeandála agus laghdófar moill in aistriú cúraim. Laghdóidh sé freisin na tréimhsí feithimh agus líon na ndaoine ar thralaithe.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- Tá ár ndaonra ag dul in aois agus ní mór dúinn ár seirbhísí sláinte a athrú chun tacú le daoine scothaosta le go mbeidh siad ábalta maireachtáil go neamhspleách sa phobal, chomh fada agus is féidir
- Is éard atá riachtanach agus ag teastáil agus ó othair/úsáideoirí seirbhísí ná rochtain ar chúram príomhúil a bheidh ceangailte le seirbhís na ndochtúirí teaghlaigh maraon le fáil ar sheirbhísí sa bhaile agus sa phobal. Laghdóidh sé seo an brú ar ár gcóras ospidéil, atá faoi bhrú as cuimse cheana féin.
- Caithfidh muid an líon daoine scothaosta in ionaid chúraim chónaitheacha a laghdú trí sheirbhísí a chur ar fáil do dhaoine chomh gar don bhaile agus is féidir, rud a chuirfidh ar chumas na ndaoine atá ag dul in aois fanacht neamhspleách agus maireachtáil go maith sa phobal.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Is iad seirbhísí na ndochtúirí teaghlaigh, cúram príomhúil agus seirbhísí atá lonnaithe sa phobal a chuirfidh cúram ar fáil, go príomha.
- Oibreoidh Gréasáin Chúraim Sláinte Pobail agus Foirne Speisialtóirí Pobail ar bhealach comhtháite leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus leis na seirbhísí géarchúraim chun cúram iomlán a chur ar fáil, ag coinneáil daoine amach as na hospidéal agus ag glacadh cur chuige, 'cúram sa bhaile ar dtús'.
- Tiocfaidh laghdú ar an líon daoine os cionn 65 a bheidh faoi chúram fadchónaithe faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais, trí sheirbhísí idirmheánacha, athshlánaithe, athchumasaithe agus for-rochtana a chruthú nó na seirbhísí atá ann cheana a oiriúnú, maraon leis na huairanta do chúram tacaíochta baile a dhúbailt.
- Beidh tacaíthe féin-bhainistithe agus samhlacha deonacha i gceist, a bheidh nasctha le Clár Ghlaio an Phobail i dtaca le COVID-19.


Céard a dhéanfaidh muid?

- Bunóidh muid 96 Gréasán Cúraim Sláinte Pobail agus 32 Foireann Speisialtóirí Pobail do Dhaoine Scothaosta agus daoine le Galair Ainsealacha, a bheidh ag tacú le 26 ospidéal ag cinntiú go gcuirfear cúram comhtháite ar fáil go háitiúil ag an leibhéal ceart castachta.
- Leathnófar amach Diagnóisic Pobail ionas go mbeidh Dochtúirí Teaghlaigh agus Speisialtóirí Pobail ábalta teacht orthu níos éasca.
- Cuirfidh muid Comhaontú na nDochtúirí Teaghlaigh, 2019, i bhfeidhm. Cuirfear clár struchtúrtha maidir le bainistiú agus cosc galair ainsealach ar fáil dóibh siúd a bhfuil cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra acu. Siltear go nglacfaidh 75% díobh leis seo, is ionann sin agus 431,000 othar.
- Oibreoidh muid leis an Roinn Sláinte chun an Scéim Tacaíochta Baile Reachtúil a bhunú agus a chur i bhfeidhm agus é mar sprioc againn na huairanta tacaíochta baile a dhúbailt, ag díriú ar dhaoine scothaosta atá an-lag nó measartha lag.
- Nuair a dhéanfar cuíchóiriú/oiriúniú ar ár seirbhísí Cúraim Cónaitheach, cuirfear 3,4000 áit idirmheánach agus athshlánaithe breise ar fáil, agus laghdófar an líon daoine os cionn 65 ar gá dóibh a bheith faoi chúram fadchónaithe.
- Cuirfidh muid moltaí Phainéal Saineolaithe um Thithe Altranais COVID-19 i bhfeidhm, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, HIQA, soláthróirí seirbhísí agus úsáideoirí seirbhísí.

Feidhmíocht a Mheas

- Laghdú ar líon na laethanta i leaba ospidéil a bheidh de dhíth ar dhaoine le galair ainsealacha agus daoine scothaosta laga.
- Laghdú ar líon na ndaoine a mbeidh cúram fadchónaithe de dhíth orthu.
- Méadú ar líon na ndaoine a bheidh ag fáil Tacaíocht Baile agus méadú ar líon na n-uairanta Tacaíochta Baile do dhaoine.

Cuspóir 3



Feabhas a chur ar chúram sceidealaithe ionas go bhfaighidh daoine coinní níos luaithe agus líon na ndaoine atá ag fanacht le seirbhísí a laghdú

Déanfaidh muid tréimhsí feithimh do chúram sceidealaithe a laghdú go mór, agus déanfar iarracht na tréimhsí feithimh atá leagtha amach i dtuairisc Sláintecare a bhaint amach.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- Tá níos mó daoine ná riamh ag feithimh le cóireáil leighis a fháil, agus tá na mílte othar ag fanacht le blianta.
- Is minic a bhíonn pian ar othair nuair a bhíonn siad ag fanacht le cóireáil leighis agus d'fhéadfadh sé go mbeadh imní orthu féin agus ar a dteaghlach agus dá bharr sin is dócha go mbeidh siad i dteagmháil go minic lena ndochtúir teaghlach nó leis an ospidéal.
- I dtuairisc Sláintecare, éilíodh go gcuirfí deireadh le tréimhsí fada feithimh mar go bhféadfadh moill maidir le cúram leighis cur isteach go mór ar othair agus nach mbeadh a gcuid torthaí chomh maith agus a d'fhéadfadh siad a bheith.
- De bharr acmhainn a bheith laghdaithe mar gheall ar COVID-19, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí cinnte nach gcuirfí leis na liostaí feithimh ná leis na tréimhsí feithimh.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis na tréimhsí feithimh atá leagtha síos i dtuairisc Sláintecare; 10 seachtaine i gcomhair coinne nua d'othair sheachtracha, 12 seachtain i gcomhair coinne nua do ghnáthamh, agus 10 lá i gcomhair coinne nua diagnóisice.
- Go mbeadh teacht ag dochtúirí teaghlach ar fhoinsé aonair faisnéise leis an eolas is deireanaí maidir le conair leighis othar agus atreoruithe, agus rochtain dhíreach a bheith ar fáil ar chomhairle ó dhochtúirí comhairleacha agus ar sheirbhísí diagnóisice.
- Socruithe áirithinte dírithe ar an othar a chuideoidh leo freastal ar choinní agus tacú le hathbhreithnithe a thionscnaíonn na hothair féin.
- Go ndéanfaidh dochtúirí comhairleach, nó ball iomchuí eile den fhoireann, athbhreithniú ar gach atreorú chun a chinntiú go bhfuil an bealach cúraim atá roghnaithe oiriúnach do riachtanais an othair.
- Sonraí agus faisnéis láidir chun tacú le pleanáil agus cinnteoireacht agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha ar ár seirbhísí agus ar na torthaí a bhaintear amach do na hothair.
- Cur chuige straitéiseach eagrúcháin maidir le soláthar, chun acmhainní breise a fháil do sheirbhísí clínicíúla.

Céard a dhéanfaidh muid?

- Oibreoidh muid le Dochtúirí Teaghlach agus foirne ospidéil chun cúrsa atreoraithe a bheidh comhtháite agus comhsheasmhach a chinntiú do gach aon othar.
- Beidh muid ag obair chun breis acmhainne a chinntiú trí ionaid chúraim do ghnáthamh roghnacha amháin a chruthú, breis acmhainne a cheannach ón earnáil phríobháideach, airgead a chur ar fáil le haghaidh níos mó leapacha ospidéil agus acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí.
- Bunóidh muid foirne speisialaithe ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus sna hospidéil chun tacú le leasú a dhéanamh ar phleanáil agus feidhmiú na gcúram sceidealaithe ar bhealach éifeachtach.
- Cuirfidh muid Ardán um Léirshamlú Feidhmíochta Sláinte i bhfeidhm le go mbeidh ar chumas ár gcliniceoirí, ár mbainisteoirí agus lucht déanta beartas teacht ar shonraí cruinne go pras chun tacú le cúram sceidealaithe a phleanáil agus a chur ar fáil.
- Déanfaidh muid anailís chuimsitheach ar éileamh agus acmhainneacht ag leibhéal réigiúnach, ospidéil, agus na bhfoirne speisialaithe ar leith, chun deiseanna táirgiúlachta agus easpaí sonracha a aithint, ina measc, leapacha, obrádlanna, diagnóisic, foireann agus bonneagar eile.
- Cuirfidh muid tús le córas nua áirithinte ar bhonn náisiúnta, córas a bheidh dírithe ar riachtanais na n-othar. Laghdófar líon na n-othar nach bhfreastalaíonn ar a gcoinní (DNAs) agus cuideoidh sé le hathbhreithnithe a thionscnaíonn othair chomh maith.

Feidhmíocht a Mheas

- Tréimhse feithimh i gcomhair coinne nua d'othair sheachtracha.
- Tréimhse feithimh i gcomhair coinne do ghnáthamh (othar cónaitheach/cás lae).
- Tréimhse feithimh i gcomhair coinne diagnóisice.

Cuspóir 4



Tús áite a thabhairt do luath-idirghabhálacha agus feabhas a chur ar rochtain ar na seirbhísí meabhairshláinte a bheidh dírithe ar riachtanais an duine

Cuirfidh muid dlús le feidhmiú an pholasaí nua 'Ag Roinnt na Físe – Polasaí Meabhairshláinte do Chách', ag tabhairt tús áite d'idirghabhálacha i dtaca le leanaí agus daoine óga, agus cur le luath-idirghabhálacha i dtaca leis na seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine fásta.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- Tá an iomarca daoine ag fanacht rófhada le teacht ar sheirbhísí meabhairshláinte i láthair na huaire.
- Níl dóthain maoinithe á fháil ag na seirbhísí meabhairshláinte i gcomparáid le tíortha eile.
- D'fhéadfadh idirghabhálacha maidir le fadhbanna meabhairshláinte agus rochtain luath ar chóireáil leighis tionchar dearfach a bheith acu ar dhaoine aonair agus a dteaghlaigh.
- Is dócha go mbeidh iarmhairtí meabhairshláinte de bharr ghéarchéim COVID-19 linn go ceann i bhfad agus go mbeidh buaicleibhéal le sonrú sna míonna agus na blianta i ndiaidh na paidéime.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Rachaidh ár gcóras i ngleic le riachtanais mheabhairshláinte na ndaoine agus leagfar béim ar riachtanais an duine.
- Cuirfear seirbhísí comhtháite, dírithe ar riachtanais an duine ar fáil agus beidh daoine ábalta cúram a fháil nuair a theastaíonn sé uathu agus san áit a dteastaíonn sé uathu.
 - Ní bheidh ar aon leanbh fanacht níos faide ná 12 seachtain chun cúram a fháil ó na seirbhísí meabhairshláinte.
 - Gheobhaidh 90% de na daoine fásta coinne laisitigh de 12 seachtain.
- Díreoidh ár seirbhís chúraim ar luath-idirghabháil, beidh sé bunaithe ar théarnamh, beidh na seirbhísí á bhforbairt agus á gcur ar fáil ar bhonn idir-rannach comhpháirtíochta agus cuirfear seirbhís speisialtóra ar fáil chomh maith m.sh. seirbhís um féinmharú a chosc.
- Beidh measúnú agus cúram fíorúil ar fáil mar chuid de réimse réitigh le freastal ar riachtanais gach duine ar leith.

Céard a dhéanfaidh muid?

- Cuirfidh muid sé Mhol Teilishláinte do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanáí agus d'Ógánaigh (CAMHS) ar fáil ionas go mbeifear in ann teacht ar na seirbhísí measúnaithe go héasca.
- Cuirfidh muid acmhainní ar fáil d'Fhoirne Pobail Meabhairshláinte, do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanáí agus d'Ógánaigh ar fud na tíre de réir na moltaí atá leagtha amach in, 'Ag Roinnt na Físe – Polasaí Meabhairshláinte do Chách', chun tacaíocht níos tapúla a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga.
- Beidh sé níos éasca teacht ar na seirbhísí agus laghdófar na tréimhsí feithimh i gcás na Seirbhísí Meabhairshláinte do Dhaoine Fásta trí acmhainní a chur ar fáil i gcomhair Foirne Réitigh Géarchéime bunaithe sa bhaile agus Caiféanna Géarchéime ar fud na tíre.
- Oibreoidh muid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte agus le comhpháirtithe eile sa chóras chun plan forfheidhmithe ilbhliantúil a ullmhú i gcomhair 'Ag Roinnt na Físe', ina mbeidh córas ceart chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht san áireamh.

Feidhmíocht a Mheas

- Céatadán na n-atreoruithe/atreoruithe in athuair do dhaoine fásta, a tairgeadh a gcéad choinne dóibh agus a chonacthas laisitigh de 12 seachtain.
- Céatadán na n-atreoruithe/atreoruithe SMLÓ (CAMHS) ar tairgeadh coinne dóibh laisitigh de 12 seachtain.

Cuspóir 5



Athruithe a chur ar na seirbhísí míchumais le go mbeidh siad freagrúil agus dírithe ar riachtanais an duine go hiomlán, le níos mó solúbthachta agus roghanna d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tabharfaidh muid tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas le go mbeidh siad in ann saol iomlán a chaitheamh sa phobal agus beidh teacht acu ar réimse seirbhísí agus tacaíochtaí pobail a bheidh dírithe ar a gcuid riachtanas féin i rith a saoil. Déanfaidh muid cinnte go gclóifear le caighdeán chuí agus go mbeidh cáilíocht saoil den scoth ag gach aon duine. Laghdófar líon na ndaoine a bheidh ina gcónaí in institiúidí trí chóiríocht cheart a chur ar fáil do dhaoine sa phobal.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas daingnithe ag Éirinn agus tugtar gealltanais 'gach ceart daonna agus saoirse bunúsach a chur chun cinn, a chosaint agus a chinntiú i gcás gach duine faoi mhíchumas, agus go gcothófaí urraim dá ndínit bhunúsach'
- Tá infheistíocht ilbhliantúil agus athchóiriú as cuimse a dhéanamh ar an earnáil míchumais riachtanach le dul i ngleic leis na riachtanais nach ndearnadh freastal orthu fós agus chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht agus chun torthaí maithe a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas.
- Tá iomarca béime ar chúram cónaitheach agus níl teacht ar thacaíochtaí pearsantaithe a bheadh ní b'oiriúnaí.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh teacht ag leanaí faoi mhíchumas ar luath-idirghabháil, teiripí agus tacaíochtaí pobail le go mbeadh siad ábalta barr a gcumais a bhaint amach.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Tiomantas sa tsochaí maidir le deireadh a chur leis na constaí a chuirtear idir daoine faoi mhíchumas agus an saol a chaitheamh mar is rogha leo féin.
- Seirbhís a bheadh níos freagrúla, ar ardchaighdeán agus a bheadh dírithe ar riachtanais an duine, ina mbeadh níos mó rannpháirtíochta ag an bpobal, a bheadh trédhearcach go hiomlán maidir le húsáid acmhainní agus níos mó solúbthachta agus roghanna ann ó thaobh an duine atá faoi mhíchumas.
- Beidh níos mó daoine ag maireachtáil sa phobal is rogha leo féin.
- Beidh gach duine faoi mhíchumas ábalta teacht go héasca ar sheirbhísí measúnaithe ildisciplíneach maidir lena gcuid riachtanas.
- Beidh struchtúir i bhfeidhm chun tacú le hidirphlé agus beidh comhoibriú idir eagraíochtaí deonacha, na daoine faoi mhíchumas, a dteaghlach agus a n-abhcóidí.

Céard a dhéanfaidh muid?

- Ullmhóidh muid agus cuirfidh muid i bhfeidhm plean maoinithe ilbhliantúil chun an earnáil Míchumais a fheabhsú de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara na seirbhísí míchumais.
- Cuirfidh muid níos mó seirbhísí ar fáil chun freastal ar riachtanas déimeagrafach a aithníodh san Athbhreithniú ar Acmhainn Míchumais, i gcomhthéacs athchóirithe na hearnála, agus díreofar ar:
 - Méadú suntasach a chur ar uaireanta na gcúntóirí pearsanta agus tacaíochta baile.
 - Méadú agus feabhas a chur ar sheirbhísí lae agus beartas Treonna Nua (New Directions) athnuaithe a chur i bhfeidhm chun rochtain ar sheirbhísí forbartha agus gníomhaíochtaí sóisialta nuálacha feiliúnacha, a chinntiú.
 - Seirbhísí cónaitheacha níos oiriúnaí a chur ar fáil ag díriú ar roghanna tithíochta a bheidh lonnaithe sa phobal.
 - Níos mó seirbhísí faoisimh in ionaid agus seirbhísí malartacha faoisimh (m.sh. comhroinntí agus campaí samhraidh) a chur ar fáil.
 - Níos mó seirbhísí teiripe ag díriú go sonrach ar mheasúnú riachtanas ildisciplíneach agus luath-idirghabháil.
- Forbróidh muid struchtúir le cur ar chumas úsáideoirí seirbhísí a bheith rannpháirteach ar bhealach gníomhach maidir lena gcúram agus a dtacaíochtaí féin, ní amháin trí bhuiséid phearsantaithe a chur ar fáil ach freisin go mbeidís páirteach i gcomhdhearadh seirbhísí a oireann dóibh féin.
- Cuirfidh muid níos mó daoine faoi mhíchumas, atá ina gcónaí i láthair chomhchónaithe faoi láthair, isteach i dtithe sa phobal atá oiriúnach dá gcuid riachtanas.

Feidhmíocht a Mheas

- Méadú ar líon na n-úsáideoirí seirbhísí a bhfuil uaireanta Tacaíochta Baile agus Cúntóirí Pearsanta acu agus méadú ar líon na n-uaireanta tacaíochta.
- Líon na dtithe faoisimh agus na bpacáistí um dhianfhaoisimh malartacha a chuirtear ar fáil in aghaidh na bliana.
- Líon na n-áiteanna pleanáilte agus éigeandála a cuireadh ar fáil.

Cuspóir 6



Tús áite a thabhairt do sheirbhísí coiscthe agus luath-idirghabhálacha, ag díriú go háirithe ar shláinte leanaí, murtall agus díobháil alcóil

Díreoidh muid go sonrach ar chosc agus luath-idirghabháil chun sláinte agus folláine leanaí a fheabhsú faoi láthair agus sa todhchaí; laghdóidh muid na toscaí riosca maidir le galair ainsealacha, agus rachaidh muid i ngleic le fadhbanna ólacháin agus rátaí murtall atá ag ardú an t-am ar fad.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?

- Ní mór dúinn feabhas a chur ar shláinte agus folláine daoine agus dul i ngleic le héagthroime ó thaobh sláinte de.
- Caithfidh muid gníomhú go luath i saol an duine ionas go mbeidh an éifeacht is mó aige ar shláinte agus folláine an duine sin; tá sé seo an-tábhachtach in Éirinn, de bharr go bhfuil 25% den daonra faoi 18 bliain d'aois.
- Tá fadhb mhór le hiomarca meáchain in Éirinn (tá 80% de na daoine fásta in Éirinn róthrom nó murtallach) agus tá mí-úsáid á bhaint as alcól ar scála mór anseo freisin (tá leibhéal mí-úsáide 21% os cionn na sprice náisiúnta faoi láthair).
- Gheobhaidh 85,000 leanbh den ghlúin seo bás róluath de bharr a bheith róthrom nó murtallach.
- Caitear €1.5b in ospidéal in aghaidh na bliana ar chásanna a bhaineann le mí-úsáid alcóil.

Céard ba mhian linn a bhaint amach?

- Torthaí sláinte na n-othar in Éirinn a bheith chomh maith céanna nó níos fearr ná meáin ECFE (OECD).
- Beidh teacht ag leanaí in Éirinn ar sheirbhísí sláinte leanaí chomhtháite agus ar ardchaighdeán, a bheidh dírithe ar chosc agus luath-idirghabháil.
- Cuirfidh na seirbhísí pobail seirbhísí coisctheacha, bainistíochta agus tacaíochta ar fáil go leanúnach i dtaca le fadhbanna meáchain agus murtall.
- Laghdófar an ráta murtall gach bliain (2% i gcás daonra atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta).
- Tiocfaidh laghdú ar rátaí ólacháin díobhálach mar gheall ar na seirbhísí breise pearsanta agus fóirúla a chuirfear ar fáil.

Céard a dhéanfaidh muid?

- Beidh níos mó seirbhísí ar fáil go háitiúil, ag cinntiú go bhfuil dóthain foirne ar fáil le haghaidh na seirbhísí seo a bhainistiú agus a sholáthar. Cuirfear deiseanna oiliúna agus forbartha scileanna ar fáil chomh maith.
- Bunóidh muid fórsa saothair i ngach Eagraíocht Sláinte Pobail a bheidh dírithe go hiomlán ar shláinte leanaí maraon le foirne tacaíochta do thuismitheoirí i ngach Eagraíocht Sláinte Pobail.
- Laghdóidh muid rátaí murtall trí thús a chur le seirbhísí iomlán um Chúraim Murtaill, ina gcuirfear luath-idirghabháil, bainistiú meáchain agus cóireáil d'fhadhbanna murtall ar fáil do dhaoine ar feadh a saoil.
- Bunóidh muid 9 seirbhís alcóil a bheidh comhtháite agus lonnaithe sa phobal agus cuirfidh muid seirbhís thacaíochta dhigiteach ar fáil i gcomhair daoine a bhfuil fadhb acu le hólachán díobhálach agus baolach (ar nós quit.ie) chun ólachán díobhálach a laghdú.

Feidhmíocht a Mheas

- An céatadán a ghlacfaidh leis 'na cúig croítheagmháil sláinte leanaí'
- Laghdú ar chéatadán na laethanta a chaitear san ospidéal de bharr mí-úsáid alcóil.
- Laghdú bliantúil de 0.5% ar rátaí rómheáchain agus murtall i ngach aoisghrúpa.

Cumasóir 1



Caighdeán agus Sábháilteacht Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí

Tugtar tús áite do shábháilteacht na n-othar inár gcóras sláinte uile. Is í an fhís atá againn maidir le sábháilteacht na n-othar go bhfaighidh gach othar a bhíonn ag plé lenár seirbhísí sláinte agus sóisialta cúram sláinte ar bhealach chomh sábháilte agus is féidir. Léiríonn an fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta go ndéantar dochar éigin do 1 as 8 othar le linn dóibh a bheith ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus go bhféadfaí 70% den dochar seo a chosc.

Tá sé mar sprioc ag ár Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht Othar 2019-2024 timpeallacht a chruthú ina n-éistfear le hothair, teaghlaigh, cúramóirí agus abhcoidí agus ina mbeidh siad gníomhach maidir le feabhas a chur ar ár seirbhísí. Tá an riachtanas a bhaineann le caighdeán a fheabhsú, sábháilteacht othar agus cúram iontaofa sábháilte a chur ar fáil lárnach sa Staitéis.

Nuair a chuirfear an Straitéis i bhfeidhm, tuigfidh an fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta an gá atá le freagairt le comhbhá, oscailteacht agus trédhearcacht nuair a tharlaíonn imeachtaí díobhálacha. Beidh muinín ag othair go n-aithneoidh agus go rachaidh na seirbhísí i ngleic le haon bhaol atá ann dá sábháilteacht. Tabharfar tús áite do chosaint daoine fásta agus leanaí atá leochaileach. Foghlaimíodh ár bhfoireann ó imeachtaí a théann in aimhréidh agus ó shamplaí de dhea-chleachtas agus tiocfaidh laghdú ar líon na n-imeachtaí díobhálacha a d'fhéadfaí a chosc.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Cothóidh muid cultúr comhpháirtíochta chun go dtiocfaidh feabhas ar thaithí na n-othar agus go mbainfear torthaí dearfacha amach do na hothair agus chun an baol earráide agus díobhála a laghdú. Caithear oibriú agus foghlaim óna hothair chun cúram a leagan amach, a sholáthar, a mheas agus a fheabhsú.
2. Oibreoidh muid chun cultúr nochtaithe oscailte, foghlama agus feabhsúcháin a chruthú a bheidh comhbhá, cóir agus cothrom. Tacóidh muid leis an bhfoireann ionas go mbeidh siad in ann oibriú ar bhealach sábháilte, agus go mbeidh ar a gcumas easnaimh shábháilteachta a aithint agus a thuairisciú maraon le sábháilteacht na n-othar a bhainistiú agus a fheabhsú.
3. Cuirfidh muid béim níos mó ar chosaint leanaí agus daoine fásta leochaileacha agus déanfar aon rioscaí maidir le sábháilteacht othar a réamh-aithint chun córais chúraim atá sábháilte agus daingean a chur i bhfeidhm.
4. Díreoidh muid ar laghdú a dhéanamh ar dhíobháil othar, go háirithe ar na cúiseanna is coitianta a dtarlaíonn díobháil d'othair.
5. Bainfidh muid úsáid as aon eolas chun faisnéis a chur ar fáil a thabharfaidh le fios dúinn nuair a tharlaíonn earráid, faisnéis a bhfoghlaimíodh muid uaithi agus a chuideoidh le dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun feabhsúcháin maidir le caighdeán agus sábháilteacht na n-othar a mheas, a mhaoirsiú agus a aithint.
6. Cruthóidh muid cultúr ina gcuirfear feabhas ar chaighdeán agus shábháilteacht othar ag gach leibhéal den tseirbhís sláinte agus cúraim shóisialta, trí cheannaireacht agus rialachas éifeachtach a chur i bhfeidhm.

Cumasóir 2



Sonraí agus Faisnéis

Tá sonraí agus faisnéis mar chuid lárnach den chóras cúram sláinte agus tugann siad tacaíocht riachtanach ionas gur féidir cúram sláinte agus sóisialta éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Bíonn daoine ag súil go mbeidh a gcuid faisnéise sláinte agus cúraim ar fáil dóibh, agus dóibh siúd atá freagrach as cabhrú leo, cibé uair nó áit a dteastaíonn siad uathu. Mar sin féin, ba mhaith leo a bheith cinnte go bhfuil a gcuid faisnéise pearsanta á láimhseáil mar is cuí, go slán sábháilte agus ar bhealach atá faofa agus rialaithe. Faoi láthair, níl rochtain ag ár gcóras reatha ar shonraí tráthúla, cruinne, stóinsithe atá riachtanach chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas cinnteoireachta agus chun úsáid acmhainní a mheas sna ranna oibríochta, cliniciúla agus straitéise.

Teastaíonn cur chuige comhordaithe náisiúnta maidir leis an gcaoi a mbailítear, a stóráiltear, a roinntear agus a ndéantar rochtain ar shonraí agus ar fud na seirbhíse sláinte. Teastaíonn léargas eolasach, níos trédhearcaí ionas go dtuigfidh an fhoireann, na hothair agus úsáideoirí seirbhísí an tábhacht a bhaineann le húsáid faisnéise sa phróiseas cinnteoireachta agus i bhfeabhsú próiseas agus i sláinte poiblí.

Cuideoidh rochtain ar shonraí atá ar ardchaighdeán, tráthúil agus ábhartha linn riachtanais ár ndaonra a thuiscint. Má bhíonn rochtain mar is cuí againn ar fhaisnéis, beidh muid ábalta an dul chun cinn a dhéanann muid agus an éifeacht a bhaineann lenár ngníomhartha a rianú. Léireofar freisin na réimsí nach bhfuil ag déanamh chomh maith agus ba cheart dóibh, agus dá bharr seo beidh ar ár gcumas cinntí níos fearr a dhéanamh.

Caithfidh muid leas a bhaint as buntáiste na faisnéise agus na teicneolaíochta chun sláinte agus cúram níos fearr a chur ar fáil ar fud na hÉireann.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Aithneoidh muid agus aontóidh muid na foinsí faisnéise agus sonraí cuí agus rachaidh muid i ngleic leis na príomh-easnaimh.
2. Cuirfidh muid Seirbhís Faisnéise Comhtháite i bhfeidhm a thabharfaidh an fhaisnéis le chéile maraon le heolas a thabhairt a chabhróidh leis an bpróiseas cinnteoireachta.
3. Cuirfidh muid Ardán um Léirshamlú Feidhmíochta Sláinte i bhfeidhm chun tacú lenár gcliniceoirí, bainisteoirí agus lucht déanta beartas ionas go mbeidh rochtain acu ar shonraí tráthúla, cruinne; léargas a thabhairt ar an staid agus treochtaí inár láithreacha cúraim i láthair na huaire; agus chun cur ar ár gcumas seirbhísí a bhainistiú go sábháilte i dtimpeallacht COVID-19.
4. Bainfidh muid úsáid as teicneolaíochtaí nua, cruthóidh muid acmhainn do shamhail agus anailísíocht réamh-mheasta, déanfaidh muid tuairisciú a chaighdeánú agus a uathoibriú má bhíonn sé sin feiliúnach, chun go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar éileamh agus chun tacú lenár n-iarrachtaí pleanála sláinte don daonra.

Cumasóir 3



Teicneolaíocht agus Ríomhshláinte

Tacóidh réitigh teicneolaíochta agus Ríomhshláinte agus digitíú ár seirbhíse sláinte le cultúr feabhsúcháin agus nuálaíochta. Cuideoidh sé le feabhas a chur ar rochtain, comhroinnt agus anailís sa tseirbhís sláinte. Tabharfaidh an teicneolaíocht deis dúinn seirbhís sláinte réamh-mheasta a chur ar fáil mar a n-aithneofar cén áit is mó a dteastaíonn na seirbhísí agus díreofar ar chúram a thabhairt a bheidh bunaithe ar riachtanais an duine ar leith. Caithfear ár réitigh Teicneolaíochta agus Ríomhshláinte a athchóiriú ó bhonn.

Faoi láthair, tá ár seirbhís sláinte coinnithe siar de bharr idirghníomhaíochtaí mí-éifeachtacha le hothair, ag baint úsáide as páipéar go minic, agus go minic iarrtar ar othair a bheith i láthair in ionad ar leith de bharr easpa trealaimh chuí seachas riachtanas an othair ar leith. Uaireanta bíonn sé rithábhachtach go mbeadh an t-othar i láthair in ionad ar leith, ach ní bhíonn gá leis seo i ngach cás. Tá gá le hardáin Ríomhshláinte ionas go mbeifear in ann faisnéis a roinnt le foirne cúraim, le toiliú an othair agus an úsáideora seirbhísí, is cuma cén áit a mbeidh an t-othar. Déanfaidh sé seo éifeachtúlacht ár bhfoireann cúraim sláinte a fheabhsú agus beidh sé níos fearr don othar freisin mar cuirfear cúram sábháilte, comhtháite agus ar ardchaighdeán ar fáil dó. Nuair a chuirfear dlús le húsáid níos mó teicneolaíochtaí oiriúnacha nuálacha atá ag teacht chun cinn, beifear ábalta i bhfad níos mó cúraim a chur ar fáil sa phobal agus beidh ar chumas na n-othar cúram a fháil níos gaire don bhaile.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Cuirfimid córais chliniciúla a bheidh ceangailte go digiteach, agus réitigh Ríomhshláinte i bhfeidhm ar fud na seirbhísí géarchúraim agus pobail chun tacú le cúram comhtháite a chur ar fáil (m.sh. córas leictreonach maidir le hothair a scaoileadh amach as an ospidéal, Córas Náisiúnta Faisnéise Saotharlainne (MedLIS) agus Ríomhchógaisíocht).
2. Cuirfimid réitigh Ríomhshláinte agus teicneolaíochta i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas othair rochtain a fháil ar chúram níos gaire don bhaile (m.sh. Cianchomhairliúchán agus Tairseach na nOthar).
3. Cuirfidh muid taifead cúraim roinnte i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas na foirne cliniciúla oibriú i gcomhar le chéile chun cúram a chur ar fáil d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí, is cuma cá bhfuil siad.
4. Cuirfidh muid teicneolaíocht ar fáil ar fud na heagraíochta uile a chuirfidh ar ár gcumas sonraí cruinne comhtháite a bhailiú chun tacú le cinntí, bunaithe ar na sonraí sin.
5. Leanfaidh muid ag infheistiú sa bhonneagar agus sa tslándáil chun a chinntiú go mbeidh ar chumas ár réitigh Ríomhshláinte agus teicneolaíochta torthaí a chur ar fáil dár n-othar ach go bhfuiltear ag coinneáil a gcuid faisnéise slán ag an am céanna.

Cumasóir 4



Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach an-tábhachtach chun ár seirbhísí a bhainistiú, a fheabhsú agus a chur ar fáil. Téann sé chun leasa dár bpobal i gcoitinne, na daoine a úsáideann ár seirbhísí, dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara uile. Tá a fhios againn go mbíonn torthaí níos fearr ag daoine a úsáideann ár seirbhísí, má dhéantar cumarsáid mhacánta, thrédhearcach maidir lena gcúram sláinte leo, go minic. Tá a fhios againn freisin go bhfuil cumarsáid dhá bhealach an-tábhachtach chun an tseirbhís is fearr a chur ar fáil ó thaobh na foirne, úsáideoirí na seirbhísí agus a dteaghlaigh. Déanfaidh muid struchtúir agus próisis a fhorbairt a chuirfidh ar ár gcumas oibriú níos éifeachtaí leis an bhfoireann agus leis an bpobal chun athruithe agus feabhsuithe a leagan amach, le chéile. Cuideoidh sé seo linn freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais an daonra agus ár luachanna cúraim a léiriú; comhbhá; muinín agus ceachtanna a fhoghlaim.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Déanfaidh muid cumarsáid oscailte agus éifeachtach chun muinín a chothú sa tseirbhís sláinte.
2. Déanfar cumarsáid dhigiteach a fhorbairt agus déanfar infheistíocht i ndearadh agus i soláthar ardáin dhigiteacha cumarsáide sláinte a bheidh dírithe ar riachtanais na n-othar.
3. Forbróidh muid na struchtúir riachtanacha chun go mbeidh an fhoireann, na hothair, úsáideoirí seirbhísí, a dteaghlaigh agus an pobal i gcoitinne páirteach i bpleanáil, dearadh agus i bhfeabhsú ár seirbhísí.
4. Déanfar bealaí oibre nuálacha a aithint agus oibreoidh muid i gcomhar lenár gcompháirtithe chun faisnéis a chur ar fáil agus oibreoidh muid freisin leis na daoine nach bhfuil in ann nó nach mian leo cainéil dhigiteacha a úsáid.
5. Cuirfidh muid oiliúint chuí ar fáil do ghairmithe na seirbhíse sláinte lena chinntiú go mbeidh gach cumarsáid éasca le tuiscint agus ar fáil don phobal.
6. Cruthófar inniúlacht agus scileanna i measc ár lucht ceannais sa tseirbhís sláinte chun cumarsáid i dtaobh rioscaí agus géarchéime a bhainistiú.

Cumasóir 5



Bonneagar agus Trealamh

Tá infheistíocht i mbonneagar agus i dtrealamh riachtanach chun seirbhísí sláinte maithe a sholáthar. Beidh deis againn seirbhísí cúram sláinte a sholáthar níos gaire don bhaile, ag laghdú líon na ndaoine i láithreacha comhchónaithe nuair a bheidh cóiríocht oiriúnach againn ar fud ár láithreacha éagsúla cúraim. Chomh maith leis sin, beidh deis ag níos mó daoine maireachtáil i gcóiríocht is fearr leo féin.

Tacóidh infheistíocht le forbairtí caipitil riachtanacha in ionaid phríomhúla, phobail agus ghéarchúraim, ina measc, saoráidí nua a thógáil nó méadú a chur ar roinnt eile. Cabhróidh sé freisin le trealamh agus teicneolaíocht nua a cheannach.

Le linn thréimhse 3 bliana an Phlean seo, déanfaidh muid dul chun cinn maidir le príomhfhorbairtí caipitil atá ag teastáil chun ár gcuspóirí a bhaint amach, mar atá leagtha amach inár bPlean Caipitil reatha, sa Chlár Rialtais agus Sláintecare.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Cuirfidh muid na príomhfhorbairtí caipitil san earnáil ghéarchúraim chun cinn, ina measc, ospidéal nua na leanaí, tionscadail chun acmhainn bhreise a sholáthar inár n-ospidéal, agus uasghrádú ar shaoráidí géarchúraim mar atá leagtha amach inár bPlean Caipitil.
2. Cuirfidh muid cóiríocht fheiliúnach ar fáil chun go mbeidh na seirbhísí Cúram Príomhúil agus pobail ábalta réimse iomlán seirbhísí a chur ar fáil sa phobal.
3. Déanfaidh muid Aonaid Altranais Pobail a athchóiriú, a uasghrádú nó cuirfidh muid Aonad nua in ionad sean-aonaid lena chinntiú go mbeidh na saoráidí go léir ag cloí leis na Caighdeáin Náisiúnta um Shocruithe Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).
4. Cuirfidh muid níos mó tithíochta ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a bheidh dírithe ar riachtanais an duine ar leith.
5. Déanfaidh muid infheistíocht i dtrealamh agus TCP (PPE) ionas go mbeidh ár seirbhís sláinte ábalta cúram den scoth a chur ar fáil ar bhealach sábháilte i dtimpeallacht COVID-19 agus sa todhchaí.
6. Nuair is gá, breathnófar ar roghanna malartacha soláthair chun riachtanais chaipitil a chomhlíonadh, ar nós, chomhaontuithe léasa agus Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí.

Cuid 3:

Ag tacú lenár bhFoireann agus ag Cruthú Eagraíocht Ardfheidhmíochta



Ag tacú lenár bhFoireann

Tá an-mheas againn ar ár n-oibrithe agus ár bhfoirne

Is iad ár bhfoireann an acmhainn is mó atá againn agus is mór againn a dtiomantas dár seirbhís sláinte agus dár bpobail. Léirigh ár bhfoirne dúthracht, buanseasmhacht agus scil as cuimse le linn ár gcomhrac in aghaidh COVID-19. Le roinnt míonna, bhí na hoibrithe sa líne thosaigh agus a dteaghlaigh i mbaol níos mó ná riamh agus tá a gcoinníollacha oibre níos dúshlánaí anois ná mar a bhíodh cheana. Léirigh ár bhfoirne na luachanna cúraim atá againn, ar nós, comhbhá, iontaoibh agus inniúlacht gach lá.

Tá cumais agus inniúlacht den scoth ag an bhfoireann oibre ó ghlúnta agus ó chúlaí éagsúla atá ag obair inár seirbhísí. Táimid tiomanta maidir le cultúr a chruthú inár n-eagraíocht ina mbraitheann baill foirne go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo ionas go mbeidh ar a gcumas a bheith chomh maith agus is féidir. Ní mór dúinn an fhoireann atá againn a fhorbairt, tacú leo agus iad a choinneáil maraon le glúin nua oibrithe cúram sláinte a fhostú. Spreagfaidh muid solúbthacht bhreise inár nósanna oibre, inár láithreacha agus inár mbealaí foghlama, a thabharfaidh deis do dhaoine a gcuid oibre a dhéanamh agus a ngairmeacha beatha a leagan amach bunaithe ar a gcuid riachtanas féin. Tá sé rithábachtach go ndéanfaí ceannairí a oiliúint don todhchaí.

Caithfidh muid an fhoireann a chumasú le hathruithe a chur i bhfeidhm

Ní mór dúinn leanacht leis na bealaí nua oibre a léiríodh le linn an chomhraic in aghaidh COVID-19, trínár bhfoireann a chumasú ionas go mbeidh siad seasmhach, agus tacú leo chun déileáil leis an mbrú atá ag baint le síorathrú. Beidh orainn leanacht ar aghaidh ag feabhsú cumais maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus chun dul i ngleic le hathruithe a tharlaíonn go tobann. Cuirfidh muid na scileanna, na tacaíochtaí agus na hacmhainní atá riachtanach ar fáil dár n-oibrithe chun go mbeidh siad ábalta glacadh le hathruithe dearfacha, dul i ngleic leo agus iad a chur i bhfeidhm go rathúil. Cuirfidh Acadamh Ceannaireachta na Seirbhísí Sláinte agus cláir oideachais agus oiliúna, a bheidh dírithe ar riachtanais na foirne uile, oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin in ullmhú an Phlean seo, leag freagróirí béim ar a thábhachtaí agus atá sé cumarsáid thairbheach a dhéanamh lenár bhfoireann go léir. Is mian linn feabhas a chur ar ár gcumarsáid agus ár n-idirphlé leo, ionas go mbeidh an fhoireann ar an eolas, páirteach agus duthrachtach maidir leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm.

Caithfidh muid plan straitéiseach don fhoireann oibre a ullmhú

Beidh sé rithábachtach dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a bhaineann le hearcú agus coinneáil foirne cliniciúla (go háirithe dochtúirí, agus altraí, gairmithe comhghaolmhara sláinte agus foirne tacaíochta cliniciúla freisin) chun an t-athrú ó bhonn atá leagtha amach sa Phlean seo a chur i bhfeidhm. Sa chur chuige a ghlacfaidh muid, cinnteofar go n-oibreoidh na hearnálacha oideachais agus sláinte le chéile ar bhealach cruthaitheach chun freastal ar na hathruithe maidir le cúram sláinte atá ag teacht chun cinn sa Stáit. Chomh maith le dúshláin fhadtéarmacha, athlonnaíodh roinnt mhaith oibrithe chun dul i ngleic le COVID-19. Caithfidh muid a chinntiú go bhfuil dóthain foirne agus scileanna againn le déileáil lenár mbealaí nua oibre agus muid fós ag feidhmiú i dtimpeallacht COVID-19 agus ag iarraidh an t-athrú ó bhonn a shonraítear sna sé Chuspóir den Phlean seo a chur i bhfeidhm, ag an am céanna. Ullmhóidh muid agus cuirfidh muid plan straitéiseach don fhoireann oibre i bhfeidhm agus oibreoidh muid le coláistí, ollscoileanna agus boird rialaithe chun é a chur i gcrích. Cuirfear leis an líon foirne agus an meascán scileanna ar fud na seirbhíse sláinte agus tabharfar aghaidh ar na príomh-easnamh sa chóras.

Caithfidh muid seirbhís Acmhainní Daonna ghairmiúil a chur ar fáil dár bhfoireann

Táimid tiomanta i dtaobh seirbhís ghairmiúil AD a sholáthar bunaithe ar chaidrimh thairbheacha agus ar chomhoibriú ar fud an chórais uile. Beidh ar ár gcumas ár nasc leis na daoine a ndéanaimid freastal orthu a neartú trí rannpháirtíocht lenár bhfoireann agus tacú leo. Beidh eispéiris níos fearr ag na fostaithe féin agus bainfear amach torthaí níos fearr



do chách má éistear go cúramach le tuairimí na foirne ar an líne thosaigh agus má léirítear meas i ndáiríre ar an méid a dhéanann siad. Tá muid ag iarraidh go mbeidh ár bhfoireann gafa lena gcuid oibre; go gcreidfídh siad go diongbháilte inár bPlean; go gcreidfídh siad inár luachanna; go mbeidh siad spreagtha chun barr feabhais a bhaint amach; agus díograiseach maidir le hathruithe leanúnacha a chur i bhfeidhm.

Caithfidh muid timpeallacht a chruthú ina bhféadfaidh ár n-oibrithe sárobair a dhéanamh

Caithfidh muid timpeallacht a chruthú ina bhféadfaidh ár n-oibrithe sárobair a dhéanamh agus cúram a chur ar fáil d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus don phobal. Chun an timpeallacht seo a chruthú, cuideoidh muid lenár n-oibrithe cothromaíocht shláintiúil oibre-saoil a bhaint amach agus spreagfaidh muid ár bhfoireann chun labhairt faoi aon ábhar imní atá acu agus má tá aon réimsí ar cheart feabhas a chur orthu. Tacóidh muid le cumas ceannaireachta agus forbairt phearsanta na foirne trí phlean straitéiseach don fhoireann oibre a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Cuirfidh muid aiseolas rialta ar fáil dár bhfoireann agus lorgóidh muid aiseolas rialta ónár bhfoireann chomh maith, dírithe go háirithe ar obair foirne agus ar chomhoibriú. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbraitheann ár ndaoine bródúil as a bheith ag obair le FnaSS, bainfear constaicí as an mbealach, agus tabharfar deis do dhaoine a n-uailmhianta pearsanta agus gairmiúla a bhaint amach.

Caithfidh muid deis a thabhairt do na fostaithe a bheith chomh maith agus is féidir leo a bheith

Tá ár dtiomantas chun deis a thabhairt d'fhostaithe 'a bheith chomh maith agus is féidir leo a bheith' i gcoirílár ár bPlean Corparáideach. Cuirfidh foireann oibre atá cumasaithe agus tiomanta ar ár gcumas ár bPlean a chur i ngníomh agus feabhsuithe suntasacha a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn. Caithfidh muid an uailmhian seo a chur i gcrích le chéile, chun a chinntiú 'go mbeidh na daoine cearta againn, leis na scileanna cearta, san áit cheart, agus ag an am ceart chun cúram sláinte níos fearr agus níos sábháilte a chur ar fáil.'

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Déanfar an fhoireann atá againn cheana féin a fhorbairt, tacóidh muid leo agus coinneoidh muid iad trí choinníollacha oibre níos solúbtha a chur i bhfeidhm, tacóidh muid le dul chun cinn innimheánach gairme, agus tabharfar deiseanna forbartha gairmiúla d'fhostaithe chun cuidiú leo uailmhianta gairme agus pearsanta a bhaint amach.
2. Leanfaidh muid ag feabhsú cumais i dtaca le hathruithe a dhéanamh ar fud na heagraíochta le go mbeidh ár bhfoireann ullmhaithe d'athruithe a tharlaíonn go tobann. Cuirfear acmhainní agus oiliúint ar fáil agus déanfar struchtúir riachtanacha a fhorbairt (m.sh. gréasáin athraithe agus feabhsúcháin a bheidh bunaithe go háitiúil, pobail chleachtais srl.).
3. Cuirfidh muid ar chumas ár bhfoireann athrú a chur i bhfeidhm, constaicí a aithint agus feabhsúcháin a chur i bhfeidhm d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse trí bhealaí riachtanacha a fhorbairt chun caidreamh tairbheach a dhéanamh lenár bhfoireann, deiseanna a thabhairt don fhoireann a bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála le haghaidh athraithe, agus guth níos láidre a thabhairt dár bhfoireann ar fud na heagraíochta.
4. Cruthóidh muid timpeallacht inar féidir le daoine sárobair a dhéanamh trí thacú le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil, an fhoireann a spreagadh chun imní agus smaointe a chur in iúl, agus aiseolas a lorg agus a chur ar fáil don fhoireann níos minice. Cuirfidh seo ar ár gcumas gairmithe ardoilte, a thacaíonn lenár bhfís chomhroinnte, a choinneáil agus a mhealladh.
5. Forbróidh muid plan straitéiseach don fhoireann oibre chun go mbeidh muid ar an eolas faoi oibrithe is gá a earcú agus a choinneáil agus chun na leibhéil foirne cearta agus an meascán ceart scileanna a chinntiú ar fud na heagraíochta.



Ag Cruthú Eagraíocht Ardfheidhmíochta

Cultúr eagraíochtúil a thacaíonn lenár bhfís a fhorbairt

Caithfidh muid cultúr a fhorbairt a thacóidh linn ar an aistear uailmhianach atá amach romhainn. Tá cultúr na heagraíochta tógtha ar chomhluachanna, ar thuairimí agus ar ár dtuiscint maidir le hiompar daoine agus an caidreamh a bhíonn idir daoine, an chaoi a ndéantar cinntí agus gníomhaíochtaí. Tá fhios againn go gcaithfidh muid oibriú go crua chun cultúr a fhorbairt a thacaíonn lenár n-eagraíocht agus a chuirfidh ar ár gcumas na hathruithe atá leagtha amach sa Phlean seo a chur i gcrích. Tá muid tiomanta maidir le cultúr dearfach a chruthú ina mbeidh tuiscint choiteann ar chuspóirí agus ina mbeifear bródúil as an bhfoireann agus ina gcaithfear lenár bhfoireann uile le dínit agus le meas. Caithfidh muid aghaidh a thabhairt ar ghnéithe scríofa, mar shampla an struchtúr eagrúcháin, cuntasacht, agus próisis chomh maith le gnéithe nach bhfuil scríofa, mar iompraíochtaí agus stíleanna ceannaireachta. Sna trí bliana amach romhainn, beidh gach rud a dhéanfaidh muid bunaithe ar an bPlean ionas go mbeidh ár bhfoirne uile aontaithe maidir le fíis chomhroinnte, agus cruthófar an cultúr dearfach a theastaíonn uainn.

Ár struchtúr eagraíochta a chur in oiriúint don fheidhm atá leis

Tá sraith cuspóirí uailmhianacha leagtha amach sa Phlean Corparáideach don eagraíocht sna trí bliana atá amach romhainn. Caithfidh muid na struchtúir, na córais, na próisis agus na nósanna imeachta cearta a bheith againn chun ár seirbhísí a chur ar fáil agus a bhainistiú agus chun tacú le bainistíocht feidhmíochta éifeachtach, bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialú airgeadais, ar bhealach ráthúil.

Caithfidh muid a chinntiú go mbeidh an córas sláinte furasta a thuiscint, eagraithe ar bhealach réasúnach, agus go gcaithfidh muid airgead go stuama agus ar na rudaí cearta i gcónaí. Tá súil againn go mbeidh níos mó muiníne ag na daoine a oibríonn sa tseirbhís sláinte, na daoine a úsáideann ár seirbhísí agus a n-oibrímid leo chun ár seirbhísí a sholáthar, sa chóras de bharr na bhfeabhsuithe a chuirfear ar an gcaoi a réachtáiltear agus a mbainistítear FnaSS.

Ag leibhéal corparáideach, caithfidh muid deireadh a chur le constaicí córasacha i dtaca le cúram sláinte agus a chinntiú go bhfuil sainleasanna ár gcóras sláinte ag teacht go hiomlán lenár gculpóirí, lenár gcoirliachanna, agus lenár sárthraidisiúin maidir le hardchaighdeán cúraim. Beidh aon athruithe struchtúracha a dhéanfar sa todhchaí ar FnaSS ag leibhéal corparáideach nó soláthar seirbhíse bunaithe ar chuspóir amháin ar leith, sé sin, seirbhís comhtháite um chúraim othair, ar ardchaighdeán, a chur ar fáil.

Mar atá leagtha amach i Sláintecare, ceann de na príomhchéimeanna maidir le hathstruchtúir na seirbhíse sláinte is ea sé Limistéar Sláinte Réigiúnach (RHAnna) nua a bhunú. Beidh gach LSR (RHA) freagrach as seirbhísí comhtháite sláinte agus cúraim shóisialta a phleanáil agus a sholáthar. Beidh buiséad dá gcuid féin acu bunaithe ar riachtanais an daonra ina réigiún. Ba cheart go mbeadh struchtúir chomhtháite bainistíochta seirbhíse mar thoradh air seo ionas go mbeidh cúram othair á chur ar fáil ar bhealach níos simplí agus níos comhtháite. Dá bharr seo, bainfear cuntasacht shoiléir airgeadais agus feidhmíochta amach, tabharfar cumhacht do bhaill foirne ar an líne thosaigh agus tabharfar an t-údarás ar ais do na réigiúin áitiúla ó Lárionad Corparáidach FnaSS. Oibreoidh muid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte chun na LSR a chur chun cinn trí bhunghnéithe a ullmhú sula ndéanfar aon athstruchtúir ar LSR. Ina measc seo: déanfar anailís ar riachtanais daonra; forbrófar samhlacha éilimh agus réamhaisnéise; cuirfear bealaí nua cúraim i bhfeidhm chomh maith le samhlacha nua maoinithe agus coimisiúnaithe a chur chun cinn.

Eagraíocht chuntasach a fhorbairt

Ceann de na príomhghnéithe a bhaineann le heagraíochtaí ardfheidhmíochta ná creat éifeachtach bainistíochta feidhmíochta a bheith acu. Tá dul chun cinn maith déanta againn sa réimse seo agus tá cuntas thíos maidir le cuid de na príomhfhorbairtí.

Rinne ár gceannairí sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais inar léiríodh feidhmíocht FnaSS in éadan buiséad/réamhaisnéisí, agus bhí ról lárnach ag Bord FnaSS sna próisis seo. Ina theannta sin, déanann an Roinn Sláinte athbhreithnithe rialta ar feidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse agus tuairisciú eile nach mbaineann le hairgeadas, ar nós, pleanáil i ndáil leis an lucht oibre.



Bíonn cruinniú ag an bPOF agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin le daoine atá freagrach as tuairisciú maidir leis an dul chun cinn atá déanta, ag baint úsáide as méadrachtaí feidhmíochta comhaontaithe, dhá uair sa mhí ar a laghad chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Freastalaíonn an POF agus baill den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin ar chruinnithe míosúla Boird freisin chun tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht agus an dul chun cinn atá déanta.

Tá freagracht ar an nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta (NPOG) maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in éadan an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP), mar chuid den phróiseas cuntasachta iomlán. Tagann siad le chéile uair sa mhí. Ullmhaítear tuarascáil ar fheidhmíocht don POF ina dtagraítear do shonraí maidir le fadhbanna feidhmíochta tromchúiseacha a gcaithfear dul i ngleic leo ar bhealach foirmiúil. Cuirtear nuashonrúcháin feidhmíochta ar fáil go rialta do Choiste Feidhmíochta agus Soláthair an Bhoird agus don Bhord féin ina mbíonn tuairiscí ábhartha ón nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta san áireamh.

In ainneoin an dul chun cinn atá luaite thuas, tá fhios againn go bhfuil réimsí cuntasachta ann fós ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu. Leanfaidh muid ag obair lenár gcomhghleacaithe chun ár gcur chuige i leith bhainistíochta feidhmíochta a neartú agus eagraíocht níos cuntasáí a fhorbairt.

Bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha a fheabhsú

Is cuid lárnach d'eagraíocht ardfheidhmíochta atá i mbainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha éifeachtacha agus cuireann Bord FnaSS an-bhéim ar na gnéithe seo. D'ullmhaigh FnaSS beartas comhtháite bainistíochta riosca a shainíonn go soiléir na ról agus na freagrachtaí atá i gceist ag gach leibhéal foirne maidir le riosca (airgeadais agus neamhairgeadais). Tá sé i gceist againn a chinntiú go dtuigeann gach duine go bhfuil dualgas orthu maidir le bainistíocht riosca agus go mbeidh sé mar chuid den ghnáthghnó laethúil agus go mbeidh sé mar bhonn eolais faoin timthriall straitéiseach um phleanála oibríochta agus feidhmíochta.

Tá lucht bainistíochta ag gach leibhéal i bhFnaSS freagrach don POF as rialuithe inmheánacha cuí agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcloítear leo ina réimsí feidhme agus ina n-eagraíochtaí féin. Tá an dualgas seo mar chuid den chóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go mbeidh ar chumas FnaSS saincheisteanna rialaithe a aimsiú agus a réiteach, má thagann a leithéidí chun cinn, le prótacail formhéadaithe chuí, agus freisin lena chinntiú go mbíonn cultúr cuntasachta agus freagrachta san eagraíocht trí chéile.

Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh chun ár gcur chuige i leith bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha a fheabhsú: cur chuige um Bhainistíocht Riosca Fiontair (ERM) a ghlacadh; Clár Bainistíochta Riosca Fiontair a bhunú; plean feabhsúcháin rialuithe meántéarmacha agus fadtéarmacha a leagan amach; agus Príomhoifigeach Riosca tiomnaithe a cheapadh. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaidh muid athbhreithniú rialta ar an gClár Riosca Corparáideach agus go dtabharfaidh muid tús áite do na gníomhartha a bhaineann le Bainistíocht Riosca Fiontair mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach agus éiginnte a bheidh ann le linn shaolré an Phlean seo.

Feabhas a chur ar rialú airgeadais

Tá sé de dhualgas ar FnaSS na hacmhainní atá ar fáil di a úsáid chun an méid agus na cineálacha seirbhísí sa PNS bliantúil a chur ar fáil. Bíonn dúshlán leanúnach ag baint leis an méid seirbhísí is féidir a chur ar fáil ar bhealach sábháilte do na daoine a ndéanaimid freastal orthu, laistigh den bhuiséad atá leagtha amach dúinn. Tá sé seo casta mar gheall ar roinnt nithe; líon na riachtanas nár freastalaíodh orthu agus éileamh atá ag méadú; struchtúir sláinte agus samhlacha cúraim reatha; treochtaí déimeagrafacha, teicneolaíochta agus boilscithe praghsanna. Ina theannta sin, chuir na bearta leanúnacha chun dul i ngleic leis an bpaindéim brú breise suntasach ar ár n-acmhainní agus cruthaíonn sé seo roinnt áirithe éiginnteachta maidir le héileamh agus na hacmhainní a bheidh ar fáil sa todhchaí.

In ainneoin feabhas a bheith tagtha ar phleanáil airgeadais agus ar bhainistíocht airgeadais FnaSS, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr. Mar shampla, cruthaíonn easpa córas amháin airgeadais agus soláthair dúshlán bhreise maidir le hoibriú éifeachtach an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Caithfear an Clár Athchóirithe Airgeadais a chur i bhfeidhm le linn thréimhse an Phlean Chorporáidigh chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Seo ceann de na tosaíochtaí neamhchliniciúla is tábhachtaí agus ceann de phríomh-chumasóirí Sláintecare agus na feabhsuithe



ginearálta ar an tseirbhís sláinte atáthar ag iarraidh a bhaint amach. Is é aidhm an Chláir seo córas bainistíochta soláthair airgeadais comhtháite nua-aimseartha (IFMS) a chur i bhfeidhm sa tseirbhís sláinte in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an gcóras seo, mar aon leis na próisis náisiúnta chaighdeánacha a dtacóidh sé leo, athrú a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cursaí Airgeadais sa tseirbhís sláinte. Cuirfidh sé ar chumas ár bhfoirne airgeadais tacú níos fearr lenár seirbhísí chun oibriú laistigh do na hacmhainní atá ar fáil agus feabhas a chur ar a gcumas a thaispeáint go gcuirtear luach ar airgead ar fáil d'othair.

Is dúshlán leanúnach a bheidh i rialú airgeadais i gcomhthéacs leibhéal an éilimh atá ag síormhéadú ar ár seirbhísí agus na paidéime atá fós linn. In ainneoin na héiginnteachta atá ann de bharr COVID-19, leanfaidh muid ag feabhsú ag pleanáil agus ag bainistiú airgeadais chun rialú airgeadais níos fearr a léiriú agus oibriú laistigh dár mbuiséad.

Céard a dhéanfaidh muid?

1. Cruthóidh muid cultúr eagraíochtúil a thacaíonn lenár bhfís trí phlean athraithe atá fiúntach agus praiticiúil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.
2. Déanfaidh muid athruithe struchtúracha riachtanacha chun fáil réidh le constaicí córasacha maidir le cúram sláinte agus cuirfidh muid seirbhís chúraim chomhtháite ar ardchaighdeán ar fáil.
3. Oibreoidh muid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte chun na LRS a chur chun cinn trí bhunghnéithe a ullmhú sula ndéanfar aon athstruchtúrú ar LSR. Ina measc seo: déanfar anailís ar riachtanais daonra; samhlacha éilimh agus réamhaisnéise a fhorbairt; bealaí nua cúraim a chur i bhfeidhm agus samhlacha nua maoinithe agus coimisiúnaithe a chur chun cinn.
4. Leanfaidh muid ag obair lenár gcomhghleacaithe chun ár gcur chuige i leith bhainistíocht feidhmíochta a neartú agus eagraíocht níos cuntasáí a fhorbairt.
5. Cuirfidh muid feabhas ar bhainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha trí chur chuige Bainistíochta Riosca Fiontair; Clár Bainistíochta Riosca Fiontair a bhunú; agus Príomhoifigeach Riosca tiomnaithe a cheapadh.
6. Déanfaidh muid athbhreithniú rialta ar an gClár Riosca Corparáideach agus cuirfidh muid cur chuige Bainistíochta Riosca Fiontair chun cinn.
7. Cuirfidh muid córas bainistíochta soláthair airgeadais comhtháite nua-aimseartha ar fáil ar fud sheirbhís sláinte na hÉireann, ina measc, gach eagraíocht dheonach a mhaoinítear faoi alt 38 den Acht Sláinte agus eagraíochtaí níos mó a mhaoinítear faoi alt 39 den Acht Sláinte. Cuireadh tús leis an obair seo in 2019 agus díreofar ar an gcóras agus na próisis a chur i bhfeidhm sa tréimhse 2021-2023.
8. Le cabhair ó mheasúnuithe seachtracha, déanfaidh muid measúnú ar leibhéal, meascán agus ar an áit a mbeidh na foirne airgeadais lonnaithe nuair a thiocfaidh an córas nua i bhfeidhm.
9. Déanfaidh muid caighdeánú ar bhonn náisiúnta ar bhainistíocht airgeadais, próisis rialaithe eile chun breis rialaithe airgeadais a bhaint amach agus oibriú laistigh dár mbuiséad.
10. Leanfaidh muid ag tacú le Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht ar fud an chórais chun cur le tuiscint maidir le cuntasacht agus costais agus aithneofar deiseanna le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht.
11. Cuirfidh muid le hacmhainn ár nOifig Praghsála Cúraim Sláinte le treoir a thabhairt ionas go mbeidh muid ábalta iarrachtaí níos fearr a dhéanamh maidir le costáil seirbhísí pobail. Is réamhtheachtaí tábhachtach atá anseo i dtaca le Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht a fhorbairt inár seirbhísí poiblí.

Cuid 4:

Acmhainní a chur ar fáil dár bPlean agus é a chur i bhfeidhm



Tá muid tiomanta maidir leis an Plean seo a chur i bhfeidhm go hiomlán agus feabhsúcháin fhollasacha a bhrú chun cinn sna trí bliana amach romhainn. Chun an Plean a chur i bhfeidhm go rathúil, caithfidh muid cur chuige forfheidhmithe chuig a ghlacadh chomh maith le hoibriú i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte chun na hacmhainní airgeadais riachtanacha a fháil. Tá cuntas thíos ar na prionsabail a bheidh mar bhonn agus taca le cur i bhfeidhm an Phlean. Léiríonn siad seo cur chuige praiticiúil sofhreagrúil chun dul chun cinn dáiríre a dhéanamh, a bheidh ag bailiú nirt agus ina mbeidh ár bpáirtithe leasmhara páirteach. Léiríonn sé gur fhoghlaim muid ceachtanna de bharr phaindéim COVID-19 freisin mar ar cuireadh béim ar na buntáistí a bhaineann le cinnteoireacht agus rialachas níos cuíchóirithe chun athruithe a chur chun cinn. Dírítear sa dara leath den mhír thíos ar na hacmhainní airgeadais chun an Plean a chur i bhfeidhm agus tugtar léargas ar dhúshlán agus éiginnteacht na timpeallachta cúram sláinte faoi láthair agus sa todhchaí.

Cur chuige Feidhmithe

Leag muid amach seacht bprionsabal mar atá sonraithe thíos chun ár seirbhís a athrú ó bhonn. Bainfear úsáid astu seo mar threoir chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm.

1. Beidh muid sofhreagrúil agus solúbtha:

I bhfianaise na héiginnteachta maidir le cén uair agus cén chaoi a dtiocfaidh muid as paindéim COVID-19, caithfidh muid a bheith sofhreagrúil agus solúbtha le linn don Phlean seo a bheith á chur i bhfeidhm. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh athrú a theacht ar na hamlínte, na cineálacha cur chuige, na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní a bheidh ar fáil agus muid ag cur ár gCuspóirí i bhfeidhm.

2. Díreoidh muid ar ghníomhartha a dhéanamh agus beidh cumarsáid rialta ar siúl:

De bharr go bhfuil sé práinneach athruithe a chur i bhfeidhm, caithfidh muid cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus bogadh go tapa chun an Phlean a chur chun cinn. Tá dul chun cinn á dhéanamh cheana féin i go leor réimsí den Phlean, ina measc, tá tús á chur arís le seirbhísí nach mbaineann le COVID-19, tá Gréasáin Sláinte Pobail bunaithe agus tá athruithe déanta ar sheirbhísí cúraim sceidealaithe.

3. Díreoidh ár bpróisis ar fad ar riachtanais na n-othar:

Caithfidh muid a chinntiú go mbeidh na hothair agus úsáideoirí na seirbhísí lárnach i ngach plé maidir le planáil agus feidhmiú an phlean le linn dúinn a bheith ag athrú an chórais. Le fíis chomhroinnte, maidir le heispéireas na n-othar agus úsáideoirí na seirbhísí a fheabhsú, oibreoidh muid le chéile ar bhealach níos éifeachtaí agus sáróidh muid constaicí a chuir cosc ar athruithe san am atá thart.

4. Déanfaidh muid feabhsúcháin i gcomhar leis an bhfoireann agus úsáideoirí na seirbhísí:

Beidh baill foirne agus úsáideoirí seirbhísí páirteach sa phróiseas planála ionas gur mó an seans go gcuirfear i bhfeidhm an phlean go rathúil. Cinnteoidh sé seo go mbeidh athruithe bunaithe ar thaithí agus go mbeidh siad leagtha amach mar is ceart chun na buntáistí atá beartaithe a bhaint amach, agus go dtabharfaidh ár bhfoireann tacaíocht dóibh.

5. Cloífidh muid le treoir an Rialtais:

Cuirfidh ár gCuspóirí ar ár gcumas príomhthosaíochtaí an Rialtais a chur chun cinn agus leanfaidh muid ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Sláinte chun dul chun cinn a bhrú ar aghaidh.

6. Fanfaidh muid seasmhach agus díograiseach maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm:

Tá feabhas suntasach tagtha ar ár seirbhís sláinte de bharr ár gcomhrac in aghaidh COVID-19 agus cuireadh athruithe i bhfeidhm go tapa agus go han-éifeachtach. D'fhonn an móiminteam agus an díogras seo maidir le hathruithe a choinneáil, ní mór dúinn na dúshláin atá ann a aithint agus a chur in iúl agus oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara chun réitigh nuálacha a aimsiú agus a chur i bhfeidhm.


7. Déanfaidh muid measúnú agus monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanann muid:

Cuirfidh muid an bonneagar agus na próisis riachtanacha i bhfeidhm le go mbeidh muid ábalta sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid chun dul chun cinn an Phlean a rianú in éadan táscairí feidhmíochta aitheanta.

Cruthóidh muid cultúr comhoibrithe agus díreoidh muid gan staonadh ar bhearta a chur i gcrích.



Beidh rathúlacht bunaithe ar chur chuige aon fhoireann amháin.



Acmhainní Airgeadais

Is Plean uailmhianach é seo a bhfuil sé mar aidhm aige feabhsuithe follasacha a dhéanamh ar an tseirbhís sláinte sna trí bliana amach romhainn. Le go ndéanfar an Plean a chur i bhfeidhm go rathúil, is gá na hacmhainní airgeadais riachtanacha a chur ar fáil.

Molann tuarascáil Sláintecare go dtiocfadh méadú de 7% (nó thart ar €1.2bn in aghaidh na bliana) ar a laghad in aghaidh na bliana ar bhuiséad sláinte an rialtais le linn gach bliain de thréimhse an Phlean Chorporáidigh seo. Deirtear sa tuarascáil: gur cheart na hacmhainní seo a úsáid i bpáirt chun maoiniú a chur ar fáil do leathnú na dteidlíochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil Sláintecare, ar chostas bliantúil de thart ar €380m go €460m. Teastaíonn an chuid eile de na hacmhainní le haghaidh costais a bhaineann le hathrú déimeagrafach, leibhéil agus caighdeán na seirbhíse reatha a choinneáil mar gheall ar athruithe a bhaineann le treochtaí galair, forbairtí teicneolaíochta, samhlacha cúraim nua, ionchais athraithe agus soláthar seirbhísí atá ag athrú.

Chomh maith leis an leibhéal leanúnach maoinithe seo, deirtear i dtuarascáil Sláintecare go bhfuil gá le maoiniú idirthréimhseach aon uaire de €3bn thar 6 bliana (nó €500m sa bhliain le linn tréimhse an Phlean seo) le haghaidh tionscadal caipitil, struchtúir nua, trealamh nua, breis oiliúna foirne agus seirbhísí nua. Creideann Coiste Sláintecare go bhfuil gá anois leis an infheistíocht bhreise inár gcóras sláinte lena chinntiú go mbeidh sé inmhathana san fhadtéarma.

Is í ár dtuairim go bhfuil acmhainní airgeadais ag teastáil freisin chun dul i ngleic le costais a bhaineann le cásanna othar nár freastalaíodh ar a gcuid riachtanas agus tá rátaí na gcásanna seo níos airde in Éirinn ná an meán san AE. Is gá luach níos fearr ar airgead a bhaint amach laistigh de chóras sláinte na hÉireann, ag glacadh leis ag an am céanna go bhfuil na costais atá riachtanach chun na seirbhísí a chur ar fáil sách ard. Léiríonn taighde go bhféadfadh caiteachas ard ar chúram sláinte in Éirinn a bheith bainteach le geilleagar ina bhfuil praghsanna sách ard, le praghsanna ionchuir cúram sláinte arda. Is gá iniúchadh breise a dhéanamh ar an ábhar seo mar aon le hábhair eile. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh aon infheistíocht bhreise le cois an méid a theastaíonn le 'seirbhísí fanacht mar atá' i.e. an costas a bhaineann le seirbhísí atá ann cheana, lena n-áirítear costais bliana iomlána na seirbhísí a tosaíodh nó a leathnaíodh in aon bhliain, boilsciú praghsanna, iocaíochtaí pá ginearálta seirbhíse poiblí agus pinsin, déimeagrafaic, srl.

Tá brú fós orainn ó thaobh chúrsaí airgeadais agus táthar den tuairim go mbeidh impleachtaí airgeadais suntasach ag baint le COVID-19, mar ar atreoraíodh acmhainní chun dul i ngleic leis an bpaindéim. Tá fhios againn go bhfuil cúrsaí dúshlánach, ach in ainneoin na mbrúnna airgeadais eile ar fad, caithfidh muid na hacmhainní a chur ar fáil don Phlean seo agus na deiseanna chun na seirbhísí a fheabhsú de bhar na paindéime a thapú.

Cuid 5: Conclúid

Leanfaidh muid ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn ghéarchéim COVID-19 sna trí bliana atá amach romhainn. Forbróidh muid struchtúir a chuirfidh ar ár gcumas comhoibriú go héifeachtach leis an bhfoireann, othair, úsáideoirí seirbhísí agus an pobal i gcoitinne le linn dúinn a bheith ag cur an Phlean seo i bhfeidhm. Creideann muid go mbeidh cumarsáid thrédhearcach agus aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara tábhachtach chun an t-athrú uailmhianach seo a chur i gcrích.


Tá fhios againn go mbeidh sé deacair athruithe a chur i bhfeidhm ar fud an chórais agus ghlacamar na céimeanna seo a leanas chun a chinntiú go n-éireoidh linn fíor-athruithe a chur i bhfeidhm:

1. Thug muid tús áite do líon beag athruithe i seirbhísí móra a thabharfaidh deis dúinn ár n-acmhainní agus ár n-iarrachtaí a dhíriú ar fheabhsuithe follasacha a chur i bhfeidhm inár seirbhís.
2. D'aithin muid réimsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fheabhsuithe sa tseirbhís sláinte, ar nós easpa rochtana ar shonraí agus ar fhaisnéis agus mhínigh muid cén bealach a rachfar i ngleic leis na constaicí seo.
3. D'aithin muid na céimeanna a chaithfear a ghlacadh chun ár gcultúr eagraíochtúil a fheabhsú agus tacú lenár bhfoireann ionas go mbeidh siad chomh maith agus a d'fhéadfadh siad a bheith.
4. Rinne muid anailís ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus d'aithin muid deiseanna chun feidhmíocht ár n-eagraíocht a fheabhsú (ar nós, rialú airgeadais agus cuntasacht).
5. Tá an cur chuige atá againn maidir le feidhmiú an phlean bunaithe ar dhea-chleachtas agus beidh sé mar threoir ag gach rud a dhéanfaidh muid sna trí bliana atá amach romhainn.

Tá a fhios againn go bhfuil go leor éiginnteachta ann fós. Ina ainneoin sin, tugann ár bPlean cuntas ar ghníomhartha a chreideann muid a mbeidh tionchar dearfach acu ar ár sláinte agus ar ár seirbhísí sláinte agus muid ag maireachtáil le COVID-19 agus ag teacht chugainn féin ina dhiaidh. Táimid tiomanta an Plean Corparáideach seo a chur i bhfeidhm agus oibreoidh muid go crua chun na hacmhainní a fháil chun é a chur i bhfeidhm. Cé go mbeidh dúshlán romhainn, tá muid ar bís faoin méid is féidir linn a bhaint amach le chéile, ag obair mar fhoireann amháin chun ár gcuspóirí a bhaint amach:

Go raibh maith agat as an dua a chur ort féin leis an bPlean seo a léamh agus as tacú linn chun ár bhfís a chur i gcrích:

**Éire níos sláintiúla,
leis an gcúram ceart,
ag an am ceart san áit
cheart.**





FnaSS **Plean Corparáideach 2021-24**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ospidéal Dr. Steeven's
Lána Steeven's
Baile Átha Cliath D08 W2A8

Teil: 01 6352000

www.hse.ie

© Feabhra 2021 FnaSS

ISBN: 978-1-78602-167-0